



PREASEISIÚINT Uimh.º 55/23

Lucsamburg, 30 Márta 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-5/22 | Green Network (Ordú chun costais a aisíoc)

Féadfaidh sé a bheith de chumhacht ag údaráis rialála náisiúnta fuinnimh ceangal a chur ar ghnóthais leictreachais suimeanna a bailíodh de shárú ar cheanglais cosanta tomhaltóirí a thabhairt ar ais

Tá cosaint an tomhaltóra ar cheann de dhualgaí na n-údarás sin.

In 2019, ghearr an Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (An tÚdarás Rialála um Fhuinneamh, Lónraí agus an Comhshaol, an Iodáil) fíneáil riaracháin EUR 655,000 ar Green Network, cuideachta dáileacháin leictreachais agus gáis nádúrtha san Iodáil, as oibleagáidí trédhearcachta taraife a shárú. D'ordaigh an t-údarás sin dó freisin suim EUR 13 987 495.22 a aisíoc lena chustaiméirí deiridh, arna sonrascadh dóibh trí bhíthin costais bainistíochta riaracháin de bhun clásal conarthach a mheas an t-údarás sin a bheith neamhdhleathach.

Tar éis agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair cúirt riaracháin, gan rath a bheith air sin, thug Green Network achomharc os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), agus d'áitigh sé os comhair na cúirte sin go raibh cumhacht an údaráis rialála náisiúnta chun aisíoc suimeanna a sonrascadh do chustaiméir a ordú, dá bhforáiltear i ndlí na hIodáile, contrártha do Threoir 2009/72 ¹.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Chomhairle Stáit dhá cheist faoi bhráid na Cúirte le haghaidh réamhráilú maidir le hAirteagal 37(1) agus (4) de Threoir 2009/72, a bhaineann le cumhachtaí na n-údarás rialála, agus larscríbhinn I a ghabhann léi, ina leagtar amach na bearta atá le déanamh ag na Ballstáit chun tomhaltóirí a chosaint.

Ina breithiúnas, sonraíonn an Chúirt nach gcuireann Airteagal 37(1)(i) agus (n) ² agus (4)(d) ³ de Threoir 2009/72 agus larscríbhinn I a ghabhann leis sin cosc ar Bhallstát an chumhacht a thabhairt don údarás rialála náisiúnta chun a ordú do ghnóthais leictreachais aisíocaíocht a dhéanamh lena gcustaiméirí deiridh den tsuim a fhreagraíonn don chomhaoin a d'íoc siad mar “chostais bainistíochta riaracháin” de bhun téarma conarthach a mheasann an t-údarás sin a bheith neamhdhleathach. Tá an rud céanna i bhfeidhm i gcásanna nach bhfuil an t-ordú aisíocaíochta sin bunaithe ar chúiseanna cáilíochta na seirbhíse lena mbaineann a sholáthraíonn an gnóthas sin sin, ach ar shárú oibleagáidí trédhearcachta taraife.

¹Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE (IO 2009, I ch. 55).

² Baineann na forálacha sin, faoi seach, le cúraimí na n-údarás rialála a bhaineann leis na hoibleagáidí maidir le trédhearcacht agus cosaint tomhaltóirí a chomhlíonadh.

³ Foráiltear san fhoráil sin go bhfuil sé de chumhacht ag na húdaráis rialála pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur i gcoinne gnóthais leictreachais nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí de bhun Threoir 2009/72 nó cinntí is infheidhme ón údarás rialála atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, nó moladh a dhéanamh go ngearrfaidh cúirt inniúil pionóis den sórt sin.

Breithniú na Cúirte Breithiúnas

Dearbhaíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, chun críocha cuspóirí Threoir 2009/72 a shaothrú, go gceanglaítear leis an Treoir sin ar na Ballstáit cumhachtaí leathana a thabhairt dá n-údaráis rialála náisiúnta chun margadh an leictreachais a rialáil agus monatóireacht a dhéanamh air, chun, *inter alia*, cosaint tomhaltóirí a áirithiú.

Tugann sí faoi deara ansin nach luaitear in Airteagal 37 de Threoir 2009/72, a bhaineann le cúraimí agus cumhachtaí an údaráis rialála, an chumhacht chun ceangal a chur ar ghnóthais leictreachais aon suim a fuarthas a aisíoc mar chúiteamh ar théarma conarthach a mheastar a bheith neamhdhleathach. Mar sin féin, léiríonn úsáid den fhrása “beidh cumhachtaí ag an údarás rialacha an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh” in Airteagal 37(4) de Threoir 2009/72 go bhféadfar cumhachtaí seachas iad siúd a luaitear go sainráite in Airteagal 37(4) a thabhairt d’údarás den sórt sin chun a chumasú dó na dualgais dá dtagraítear in Airteagal 37(1), (3) agus (6) den Treoir sin a chur i gcrích.

Ina theannta sin, tagann áirithiú chomhlíonadh na n-oibleagáidí trédhearcachta ar ghnóthais leictreachais agus tomhaltóirí a chosaint faoi dhualgais na n-údarás rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 37(1), (3) agus (6) den Treoir sin.

Dá bhrí sin, cinneann an Chúirt **go bhféadfaidh Ballstát an chumhacht a dheonú d’údarás den sórt sin a cheangal ar na hoibreoirí sin suimeanna a bhailigh siad de shárú ar cheanglais cosanta tomhaltóirí a aisíoc**, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an oibleagáid trédhearcachta agus le cruinneas an tsonraisc.

Ní chuirtear amhras ar a leithéid de léiriú toisc go bhforáiltear in Airteagal 36 de Threoir 2009/72, go bunúsach, go ndéanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta na bearta is gá “i ndlúthchomhairle, i gcás inarb iomchuí, leis na húdaráis náisiúnta ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis iomaíochta, agus gan dochar dá gcumhachtaí”, nó go bhfuil in Airteagal 37, I mír 1(n) den Treoir sin an frása “in éineacht leis na húdaráis inniúla eile”.

Ní léir ó na forálacha sin, i gcás mar atá sna príomhimeachtaí, nach bhféadfaidh ach ceann amháin de na húdaráis náisiúnta eile sin a ordú go n-aisíocfar suimeanna a bhailigh gnóthais leictreachais go héagórach ó chustaiméirí deiridh. A mhalairt ar fad, tugann úsáid na bhfocal “i gcás inarb iomchuí” le tuiscint nach bhfuil gá le comhairliúchán den sórt sin ach amháin i gcás gur dócha go mbeidh impleachtaí d’údaráis inniúla eile ag an mbeart a bhfuil sé beartaithe a ghlacadh.

Ar deireadh, deir an Chúirt, sa mhéid go dtagann cosaint tomhaltóirí agus comhlíonadh oibleagáidí trédhearcachta faoi na dualgais dá dtagraítear in Airteagal 37 de Threoir 2009/72, ní bhaineann le hábhar an chúis chruinn go n-ordaítear do ghnóthas leictreachais aisíocaíocht a dhéanamh lena chustaiméirí, chun ceann de na dualgais sin a chomhlíonadh.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 2524

Fanaigí i dteagmháil linn!

